Conradh na Gaeilge

# Aighneacht

## Athbhreithniú

## Plean Forbartha Náisiúnta  2018 - 2027

## Feabhra 2021

## CÚLRA

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne.

Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann.
Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge.

Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

## INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir le hAthbhreithniú Plean Forbartha Náisiúnta 2018 - 2027.

Is í aidhm an aighneacht seo go n-aithnítear na riachtanais atá ag Pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta sa Phlean Forbartha seo agus feiceáil an bhfuil na riachtanais sin á shásamh.

Tá ról ríthábhachtach ag an Rialtas i dtaobh stad na Gaeilge. Tá líon cainteoirí laethúla Gaeilge ag laghdú ó a mbunaíodh an stáit. Tá imeallú á dhéanamh ar an nGaeilge sa tsochaí, ach le toil an Rialtas is féidir é seo a athrú thart agus an Ghaeilge a normal sa tsochaí. Ciallaigh sé seo breis infheistíocht agus aitheantas go bhfuil éigeandáil ann maidir le titim líon na cainteoirí laethúla Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais sa Ghaeltacht.

## CEISTEANNA SAN ATHBHREITHNIÚ

**Ceisteanna san Athbhreithniú**

**1. An bhfuil an leibhéal caiteachais poiblí, ar an iomlán, ar chaiteachas poiblí ceart?**

- Níl a dhóthain airgead caipitil á chaitheamh sa Ghaeltacht agus níl ó 2008 ar aghaidh nuair a gearradh buiséad caipitil Údarás na Gaeltachta ó €24 milliún go €6 milliún. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta leis an gciorrú sin a aisiompú, go háirithe le bliain anuas, is gá fós an maoiniú a mhéadú go dtí an leibhéal ar a raibh sé i 2008. Táimid ag moladh, mar sin, buiséad caipitil an Údaráis a mhéadú go €20 milliún i 2022 agus é a ardú go €24 milliún faoi 2025. Tá seo ag teacht le plean forbartha an Údaráis féin agus tá dlúthcheangal ag an bplean le fostaíocht a chruthú agus a chothú i roinnt de na ceantair is boichte agus is iargúlta sa tír. Bheadh an infheistíocht seo ag teacht, ní amháin le cúiseanna geilleagara ach chomh maith leis sin le aidhm an Stáit chun inmharthanacht na Gaeltacht agus an Ghaeilge mar theanga pobail inti a threisiú.

- Tá léiriú ar thionchar an easpa maoiniú seo ar an nGaeltacht i dtuarascáil Próifíl Shocheacnamaíoch na seacht gceantar Gaeltachta in Éirinn https://senatorpadraigoceidigh.com/wp-content/uploads/2018/11/GaeltachtAreaProfileIrish_Online.pdf

- Le 11 bliain anuas tá 25 lárionad Gaeilge tógtha ar chaiteachas £20 milliún ó thuaidh faoin gciste infheistíochta http://www.ciste.ie. Is forbairt iontach tábhachtach é seo ar infreastruchtúr na Gaeilge ó thuaidh agus fócas a thabhairt don teanga sa phobal. Faoi láthair tá €13 milliún geallta do na lárionaid Gaeilge atá le tógáil ó dheas sa phlean Tionscadal Éireann 2040. Is gá an buiséad sin a mhéadú go suntasach leis an macasamhail den mhéad atá déanta ó thuaidh a dhéanamh ó dheas. Bheadh seo ag teacht le spriocanna na Straitéise 20 Bliain le lárionaid Ghaeilge a bhunú agus a fhorbairt timpeall na tíre. Is maith é go bhfuil infheistíochtaí le déanamh i bhforbairtí ar nós Amharclann na Mainistreach le €80 milliún agus go bhfuil €4 milliún luaite do lárionad Gaeilge i bpríomhchathair na tíre. Ach níor leor €4 mhilliún leis an lárionad Gaeilge ceanna a fhorbairt i mBaile Átha Cliath nó €13 milliúin le líon substaintiúil lárionaid a thógáil timpeall na tíre. Molann muid ciste de €30 milliúin a chur ar fáil don obair seo idir 2021 agus 2025. Bheadh ciste mar seo go mar thaca leis na bailte seirbhíse Gaeltachta, na líonraí Gaeilge agus leis an Scéim Phobal Gaeilge de chuid Fhoras na Gaeilge. Bheadh lárionaid mar seo ag teacht le tuairim sochtheangeolaithe go bhfuil tábhacht faoi leith le tearmann teanga chun normalú a dhéanamh ar an nGaeilge sa cheantar áitiúil agus seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil don phobal áitiúil. Bheadh na lárionaid seo in ann seirbhísí éagsúla a chur ar fáil don phobal nach bhfuil ar fáil faoi láthair, mar shampla caifeanna Gaeilge, amharclanna Gaeilge, naíolanna Gaeilge, srl...

**2. Cad ba cheart an buiséad caipitil a chaitheamh air?**

- Méadú ar chiste caipitil Údarás na Gaeltachta, a chuireadh leis an leibhéal fostaíochta inbhuanaithe i réigiúin tearcfhorbartha. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta leis an gciorrú sin a aisiompú, go háirithe le bliain anuas, is gá fós an maoiniú a mhéadú go dtí an leibhéal ar a raibh sé i 2008. Táimid ag moladh, mar sin, buiséad caipitil an Údaráis a mhéadú go €20 milliún i 2022 agus é a ardú go €24 milliún faoi 2025. Tá seo ag teacht le plean forbartha an Údaráis fhéin agus tá dlúthcheangal ag an bplean le fostaíocht a chruthú agus a chothú i roinnt de na ceantair is boichte agus is iargúlta sa tír. Bheadh an infheistíocht seo ag teacht, ní amháin le cúiseanna geilleagara ach chomh maith leis sin le aidhm an Stáit chun inmharthanacht na Gaeltacht agus an Ghaeilge mar theanga pobail inti a threisiú.
- Méadú ar mhaoiniú Roinn na Gaeltachta chun cur ar a gcumas gréasán lárionaid Gaeilge a fhorbairt. Le 11 bliain anuas tá 25 lárionad Gaeilge tógtha ar chaiteachas £20 milliún ó thuaidh faoin gciste infheistíochta http://www.ciste.ie. Is forbairt iontach tábhachtach é seo ar infreastruchtúr na Gaeilge ó thuaidh agus fócas a thabhairt don teanga sa phobal. Faoi láthair tá €13 milliún geallta do na lárionaid Gaeilge atá le tógáil ó dheas sa phlean Tionscadal Éireann 2040. Is gá an buiséad sin a mhéadú go suntasach leis an macasamhail den mhéad atá déanta ó thuaidh a dhéanamh ó dheas. Bheadh seo ag teacht le spriocanna na Straitéise 20 Bliain le lárionaid Ghaeilge a bhunú agus a fhorbairt timpeall na tíre. Is maith é go bhfuil infheistíochtaí le déanamh i bhforbairtí ar nós

Amharclann na Mainistreach le €80 milliún agus go bhfuil €4 milliún luaite do lárionad Gaeilge i bpríomhchathair na tíre. Ach níor leor €4 mhilliún leis an lárionad Gaeilge ceanna a fhorbairt i mBaile Átha Cliath nó €13 milliúin le líon substaintiúil lárionaid a thógáil timpeall na tíre. Molann muid ciste de €30 milliúin a chur ar fáil don obair seo idir 2021 agus 2025. Bheadh ciste mar seo go mar thaca leis na bailte seirbhíse Gaeltachta, na líonraí Gaeilge agus leis an Scéim Phobal Gaeilge de chuid Fhoras na Gaeilge. Bheadh lárionaid mar seo ag teacht le tuairim sochtheangeolaithe go bhfuil tábhacht faoi leith le tearmann teanga chun normalú a dhéanamh ar an nGaeilge sa cheantar áitiúil agus seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil don phobal áitiúil. Bheadh na lárionaid seo in ann seirbhísí éagsúla a chur ar fáil don phobal nach bhfuil ar fáil faoi láthair, mar shampla caifeanna Gaeilge, amharclanna Gaeilge, naíolanna Gaeilge, srl...

- Is iomaí riachtanas caipiteal atá ann sa Ghaeltacht leis an infreastruchtúr a dheisiú nó a fhorbairt. Mar shampla, cé Inis Oírr, cé Inis Meáin, cé Oileán Thoraí, bád farantóireachta sásúil d'Oileán Thóraí, leathanbhanda & 5G sásúil sa Ghaeltacht, droichead Cheantar na nOileán.

**3. Cén saghasanna d'infheistíocht chaipitil ba cheart tús áite a thabhairt dóibh?**

- Méadú ar chiste caipitil Údarás na Gaeltachta, a chuireadh leis an leibhéal fostaíochta inbhuanaithe i réigiúin tearcfhorbartha. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta leis an gciorrú sin a aisiompú, go háirithe le bliain anuas, is gá fós an maoiniú a mhéadú go dtí an leibhéal ar a raibh sé i 2008. Táimid ag moladh, mar sin, buiséad caipitil an Údaráis a mhéadú go €20 milliún i 2022 agus é a ardú go €24 milliún faoi 2025. Tá seo ag teacht le plean forbartha an Údaráis fhéin agus tá dlúthcheangal ag an bplean le fostaíocht a chruthú agus a chothú i roinnt de na ceantair is boichte agus is iargúlta sa tír. Bheadh an infheistíocht seo ag teacht, ní amháin le cúiseanna geilleagara ach chomh maith leis sin le aidhm an Stáit chun inmharthanacht na Gaeltacht agus an Ghaeilge mar theanga pobail inti a threisiú.
- Méadú ar mhaoiniú Roinn na Gaeltachta chun cur ar a gcumas gréasán lárionaid Gaeilge a fhorbairt. Le 11 bliain anuas tá 25 lárionad Gaeilge tógtha ar chaiteachas £20 milliún ó thuaidh faoin gciste infheistíochta http://www.ciste.ie. Is forbairt iontach tábhachtach é seo ar infreastruchtúr na Gaeilge ó thuaidh agus fócas a thabhairt don teanga sa phobal. Faoi láthair tá €13 milliún geallta do na lárionaid Gaeilge atá le tógáil ó dheas sa phlean Tionscadal Éireann 2040. Is gá an buiséad sin a mhéadú go suntasach leis an macasamhail den mhéad atá déanta ó thuaidh a dhéanamh ó dheas. Bheadh seo ag teacht le spriocanna na Straitéise 20 Bliain le lárionaid Ghaeilge a bhunú agus a fhorbairt timpeall na tíre. Is maith é go bhfuil infheistíochtaí le déanamh i bhforbairtí ar nós Amharclann na Mainistreach le €80 milliún agus go bhfuil €4 milliún luaite do lárionad Gaeilge i bpríomhchathair na tíre. Ach níor leor €4 mhilliún leis an lárionad Gaeilge ceanna a fhorbairt i mBaile Átha Cliath nó €13 milliúin le líon substaintiúil lárionaid a thógáil timpeall na tíre. Molann muid ciste de €30 milliúin a chur ar fáil don obair seo idir 2021 agus 2025. Bheadh ciste mar seo go mar thaca leis na bailte seirbhíse Gaeltachta, na líonraí Gaeilge agus leis an Scéim Phobal Gaeilge de chuid Fhoras na Gaeilge. Bheadh lárionaid mar seo ag teacht le tuairim sochtheangeolaithe go bhfuil tábhacht faoi leith le tearmann teanga chun normalú a dhéanamh ar an nGaeilge sa cheantar áitiúil agus seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil don phobal áitiúil. Bheadh na lárionaid seo in ann seirbhísí éagsúla a chur ar fáil don phobal nach bhfuil ar fáil faoi láthair, mar shampla caifeanna Gaeilge, amharclanna Gaeilge, naíolanna Gaeilge, srl...
- Forbairt córas Gteic sa Ghaeltacht chun cur le roghanna chianoibre agus chun fostaíocht inbhuanaithe áitiúil a chruthú
- Hallaí pobail na Gaeltachta a fhorbairt agus breis áiseanna agus seirbhísí a chur ar fáil don phobal iontu
- Seirbhísí infreastruchtúr chun inmharthanacht oileáin na tíre a chinntiú
- Forbairt ionaid/áiseanna poiblí nua agus athchóiriú ionaid reatha chun laghdú a dhéanamh ar ár lorg carbóin agus chun laghdú a dhéanamh ar an méid taistil a bhíonn le déanamh ag an bpobal chun teacht ar áiseanna poiblí

**4. Conas is féidir bainistiú agus rialú infheistíochta poiblí a fheabhsú?**

- Caithfear nasc cinnte trédhearcach a bheith idir bhainistiú agus rialú infheistíochta poiblí agus na torthaí a bhainfear amach.
- Caithfear déileáil go cothrom leis an nGaeltacht. Mar chuid den phróiseas seo caithfear aithint nár tharla sé seo san am atá caite i gcomhthéacs na Gaeltachta. Mar shampla, sa tréimhse 2008 – 2019,

bhí laghdú 65% ar bhuiséad caipitil an eagraíocht forbartha Ghaeltachta, Údarás na Gaeltachta, tráth ar mhéadaíodh buiséid na heagraíochtaí forbartha an IDA agus Fiontraíocht Éireann.

**5. Cén tionchar a imríonn an PFN ar do réigiún?**

- I gcomhthéacs réigiúin na Gaeltachta, tá an cumas ag an PFN tionchar thar a bheith dearfach a imirt ach a chinntiú go gcuirtear maoiniú i dtreo sraith thionscadail spriocdhírithe a chuirfidh le hinfheistíocht sa Ghaeltacht ar mhaithe le fostaíocht inbhuanaithe, teangabhunaithe a chruthú agus chun cur le buninfreastruchtúr na gceantar Ghaeltachta.
- Mura dtarlaíonn sé seo, agus mura dtugtar cothrom na Féinne don Ghaeltacht tá an baol go mbeidh tionchar thar a bheith diúltach ag an NDP ar an nGaeltacht agus go gcuirfear leis an mbánú Ghaeltachta atá ar siúl le tamall anuas. Is sampla den bhánú Ghaeltachta seo an titim 11% a tharla i líon na gcainteoirí laethúil Ghaeltachta sa tréimhse 2011 – 2016.

**6. Cén t-aiseolas atá agat ar chomhthaobhacht Thionscadal Éireann 2040?**

- Méadú ar chiste caipitil Údarás na Gaeltachta, a chuireadh leis an leibhéal fostaíochta inbhuanaithe i réigiúin tearcfhorbartha. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta leis an gciorrú sin a aisiompú, go háirithe le bliain anuas, is gá fós an maoiniú a mhéadú go dtí an leibhéal ar a raibh sé i 2008. Táimid ag moladh, mar sin, buiséad caipitil an Údaráis a mhéadú go €20 milliún i 2022 agus é a ardú go €24 milliún faoi 2025. Tá seo ag teacht le plean forbartha an Údaráis fhéin agus tá dlúthcheangal ag an bplean le fostaíocht a chruthú agus a chothú i roinnt de na ceantair is boichte agus is iargúlta sa tír. Bheadh an infheistíocht seo ag teacht, ní amháin le cúiseanna geilleagara ach chomh maith leis sin le aidhm an Stáit chun inmharthanacht na Gaeltacht agus an Ghaeilge mar theanga pobail inti a threisiú.
- Faoi láthair tá €13 milliún geallta do na lárionaid Gaeilge atá le tógáil ó dheas sa phlean Tionscadal Éireann 2040. Is gá an buiséad sin a mhéadú go suntasach leis an macasamhail den mhéad atá déanta ó thuaidh a dhéanamh ó dheas. Bheadh seo ag teacht le spriocanna na Straitéise 20 Bliain le lárionaid Ghaeilge a bhunú agus a fhorbairt timpeall na tíre. Is maith é go bhfuil infheistíochtaí le déanamh i bhforbairtí ar nós Amharclann na Mainistreach le €80 milliún agus go bhfuil €4 milliún luaite do lárionad Gaeilge i bpríomhchathair na tíre. Ach níor leor €4 mhilliún leis an lárionad Gaeilge ceanna a fhorbairt i mBaile Átha Cliath nó €13 milliúin le líon substaintiúil lárionaid a thógáil timpeall na tíre. Molann muid ciste de €30 milliúin a chur ar fáil don obair seo idir 2021 agus 2025.
- Nach bhfuil aon soiléireacht sa phlean caiteachais maidir le tionchar a imirt ar na ceantair Ghaeltachta nó le forbairt infreastruchtúr riachtanach a chinntiú don Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.
- In ainneoin go bhfuil Cultúr agus Oidhreacht luaite go sonrach mar Phrióireacht Infheistíochta Straitéiseach sa PFN, níl aon rian d'fheidhmiú na sprice seo le feiceáil sa leibhéal maoinithe atá á chur ar fáil d'Fhoras na Gaeilge, an eagraíocht thrasteorann a bhfuil freagracht as forbairt na Gaeilge sa 32 contae. Tá an easpa maoinithe seo léirithe go lom soiléir nuair a chuirtear maoiniú Fhoras na Gaeilge i gcomparáid le maoiniú na Comhairle Ealaíona, mar shampla.

**7. Ar mhaith leat aon rud eile a lua?**

- Mar atá léirithe thuas, ní léir go bhfuil cothrom na Féinne á fháil ag an nGaeilge nó ag an nGaeltacht faoin PFN, in ainneoin pholasaí oifigiúil an Stáit, mar atá léirithe sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge agus in Acht na Gaeltachta 2012, gan trácht ar thoil an phobail don sprioc seo.
- Tá deis á chailliúint sa chóras oideachais trí easpa forbartha ar scileanna agus cumas Ghaeilge & teangacha trí chéile sa chóras oideachais chun teacht i dtír ar na buntáistí aitheanta agus an cumas fiontraíochta atá ag daoine ilteangach. Chun tabhairt faoi seo ba chóir don PFN dul i gcomhairle go díreach leis an Roinn Oideachais lena gcinntiú go gcuirfear polasaí comhtháite le chéile do mhúineadh na Gaeilge ón réamhscoil go dtí an tríú leibhéal.
- Faoin gceannteideal Tithíocht, atá luaite mar Phrióireacht Infheistíocht Straitéiseach sa PFN, tá sé riachtanach Polasaí Náisiúnta Tithíochta don Ghaeltacht a fhorbairt.

## CONCLÚID

Mar atá feicthe thuas tá go leor atá le déanamh chun inmharthanacht na Gaeilge a chinntiú sa Ghaeltacht agus riachtanas pobal na Gaeilge a shásamh. Is é an príomh réiteach ar seo ná breis infheistíochta. Molann Conradh na Gaeilge go láidir athbhreithniú ceart a dhéanamh ar an méid atá geallta sa Phlean Forbartha Náisiúnta don Ghaeilge agus don Ghaeltacht. Tá Conradh na Gaeilge ar fáil le plé a dhéanamh ar an aighneacht seo ar bhur gcaoithiúlacht.